

Con Trick
“An Bhalla Bháin”

Bhur Scéal

Colm Breathnach



Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló 2009
© Colm Breathnach 2009

ISBN 978-1-905560-45-5

Grianghraf an chlúdaigh tosaigh: Mary Breathnach

Léaráidí: Claude Renngarten

Dearadh: Abigail Bolt / Clifford Hayes

Gabhann an t-údar buíochas le heagarthóirí na bhfoilseachán seo a leanas ar foilsíodh roinnt de na dréachtaí atá anseo iontu i dtosach: *Oghma 4, 5 agus 7, An Aimsir Óg 2000 Cuid 1, Combar* agus *Bliainiris 2004*; agus le Abdullahi el Tom a thug an leagan *Sabik ul amarati wal umaraa* dó.

Gabhann an t-údar buíochas, chomh maith, le Bord na Leabhar Gaeilge, mar a bhí, as an leabhar seo a choimisiúnú.



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnachta buíoch de Fhoras na Gaeilge as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091-593307 Facs: 091-593362 r-phost: cic@iol.ie

Priortáil: Brunswick Press, Baile Átha Cliath 12.

Teil: 01-4569555

do Mary

(m'fhalla iontais)

Leis an údar céanna:

Filíocht:

Cantaic an Bhalbháin (Coiscéim, 1991)

An Fearann Breac (Coiscéim, 1992)

Scáthach (Coiscéim, 1994)

Croí agus Carraig (Coiscéim, 1995)

An Fear Marbh (Cló Iar-Chonnachta, 1998)

Chiaroscuro (Coiscéim, 2006)

Rogha Dánta 1991–2006 (Coiscéim, 2008)

Prós:

Cat agus Luch (Aistriúchán ar *Katz und Maus* le Günter Grass,
i gcomhar leis an Dr. Andrea Nic Thaidhg) (Coiscéim, 2000)

“Leanfar De” (Aistriúchán ar Léacht Nobel Günter Grass) (Cumann
Aistitheoirí agus Teangairí na hÉireann, 2002)

Clár

An Falla Bán	11
Scéal Scéalaí – Caibidil a hAon	17
Móimint i bPáirc an Fhionnuisce, 1757	24
Scéal Scéalaí – Caibidil 2	29
Scéal Scéalaí – Caibidil as Áit	33
Seanchas Dinny I	44
Móimint i Stair Thraidisiúin nó Scéal Phóbaire an Éanphoirt	46
Scéal Scéalaí – Caibidil III	50
Scéal Scéalaí – Caibidil (iv)	53
Seanchas Dinny IIX	57
Scéal Scéalaí – Caibidil (e)	61
Móimint Mháinneála nó Sanasán Seachráin	63
Scéal Scéalaí – Caibidil F	70
Scéal Scéalaí – Caibidil Ionsáite	74
Scéal Scéalaí – An Chaibidil Láir	76
Sna Fearaibh	84
Seanchas Dinny XI	96
An Seanfhear agus an Bás	101
Móimint ar an dTeilifís nó <i>'Mian Leat a Bheith id Mbilliúnaí?</i>	104
Móimint idir Dhá Mhóimint	107
Móimint os Comhair na Teilifíse nó Cruinní Comhthreomhara nó An Aibhéis	112
Scéal Scéalaí – Caibidil Eile	117
An Nathair Nimhe agus na Cosa	123
Scéal Éan an Mheán Lae	127
Móimint Idir Dhá Nóta nó “Come As You Are”	129
Don Diabhal Duine	131
Seanchas Dinny XVII	137
Móimint tar éis na Móimintí go léir nó Scéal ar na Críocha Déanacha	138
Scéal Scéalaí – An Chaibidil Dheireanach	145

Ní foláir nó bhí sé riamh amhlaidh. Chomh luath agus a dhéantar ní a aithris, chun críocha neamh-aistreacha, agus ní chun dul i gcion go díreach níos mó ar an réaltacht – is é sin, lasmuigh ar deireadh d’aon fheidhm seachas díreach an tsiombail a chur ag obair – tarlaíonn an deighilt seo, dealaíonn an guth lena bhunús, téann an t-údar i mbun a bháis féin, tosaíonn an scríbhneoireacht.

Roland Barthes, “La mort de l’auteur” (Bás an Údair) in *Mantéia V*, 1968

An Falla Bán*

Athleagan de scéal as Sabik ul amarati wal umaraa (Foras Fasach Flatha), cnuasach de scéalta eiseamláireacha a cuireadh le chéile idir na blianta 850 agus 1100 agus a bhíodh in úsáid ar feadh i bhfad mar uraiceacht flaitiúnais i measc fhlatha na hAráibe trí chéile.

FADÓ RIAMH, mar is eol do chách, a cuireadh an teir nó an toirmeasc fíomlán uileghabhálach ar dhaoine aon neach beo — pioca aingeal, daonnaí nó ainmhí é — a léiriú i bhfoirm phictiúrtha ná i gcrot deilbhe. Is eol do chách, leis, is dócha, le chomh maith is atá na scoileanna creidimh lenár linne, moladh go deo leis an aon Dia amháin, cén bonn réasúnach crábhaidh agus fealsúnachta a bhí, agus atá fós, dar ndóigh, leis an lán-teir sin. Ach ní hé sin é ach é seo. In aimsir an tSabhdáin Musha’ha ibn al Farouk a hAon is ea a tharla an scéal seo. Deineadh mórán maisíochta ar an gcathair agus an iliomad maitheasa don dtír trí chéile lena linn siúd mar, le firinne, ba Shabhdán rífhlaithiúil ró-uasal é. Nuair a bhí deireadh cloíte aige dá naimhde i gcéin is i gcóngar — is é sin, i gcás gharbhchíní na gcríoch máguaird, bás le faobhar a thabhairt don oiread acu agus ba ghá agus iad mínithe dá réir agus, chomh maith leis sin, lucht fill agus faltanais ag baile a chur faoi chois, leis, ionas nár bhaol do comhruathar ón dtaobh amuigh ná comhcheilg ar an dtaobh istigh — chrom sé ar dhea-oibreacha a thionscaint ar mhaithe lena mhuintir dhílis féin. Chuir sé faoi ndeara, mar shampla, na tuatha go léir a uisciú ina gceann agus ina gceann ionas go mba chomhthráthach agus go mba chómhaith as san amach an toradh a thug gach tuath acu uaithi de réir acmhainn a cuid talaimh: cruithneacht thromdhasach sa ghleann fada cois na habhann móire, crainn oráistí agus crainn ológ ina sraitheanna maorga feadh raon na machairí réidhe agus caora fíniúna súmhara ar na mínte sléibhe. Agus mar bharr ar na feabhsúcháin sin go léir, chuir sé pálás nua á thógaint do féin.

Níor stríoc ná níor staon ailtirí is lucht tógála, an iliomad ceardaithe, saor

*Ghnóthaigh an scéal seo an chéad áit i gComórtas Cuimhneacháin Threasa Slator i gcomhair aistriúcháin go Gaeilge ar shaothar cruthaitheach gairid arna réachtáil ag an iris *Meitheal*.

adhmaid agus saor cloch is brícléirí, tildéantóirí is tílchuradóirí is an uile shaghas eile eagnaí foirgníochta, fear an uillinntomhais is an ghlúintomhais i gcomhair an uile ómós a dhíriú is a threorú mar ba chóir go cruinn i dtreo Mheice na glóire, plástrálaithe is pláistéirithe, lucht measctha suiminte is lucht leata stroighne, siléarthochaltóirí is doinsiúndearthóirí, síléalaithe is a bprintísigh, cistinsuiteálaithe is a bproinntaóisigh, haram-aláramadóirí, cóiritheoirí seomraí leapan, is ardaitheoirí túr do thapaigean agus pámháistrí, párolladóirí, leabharchoimeádaithe, cuntasóirí, iniúchóirí, abacasóirí, abracadabrachasóirí, aistritheoirí, maistritheoirí agus praisitheoirí is an uile shórt saoste, gaingir is gairféara, rúnaí, miúnaí, cimilghlúnaí is comhshaol-oiriúnaí ba ghá is ba chúí, nó go dtí ar deireadh thiar thall is i bhfad aimsire gearra go raibh críoch agus cóir curtha acu, dar leo, ar phálás agus foslongfort nua a Sabhdáin uasail óig ibn al Farouk.

B'in díreach, de réir an scéil, an tráth do nocht agus do láithrigh chucu amach as an bhfásach fada fairsing faolcanta aneas an feic, fear caol ard cos-seang dír-ulchach súilslíotánach míngháiriteach cneasdonn ceifé-odhar jeileaba-lachtna, go ndúirt gur mhian leis labhairt leis an Sabhdán, achainí gur géilleadh inti gan aon rómhoill óir bhí an Sabhdán féin díreach tagtha chun an pháláis le go gcéfeadh a fheabhas is a comhlíonadh a mhianta agus ar chlos do a leithéid sin do dhuine a bheith tagtha comhthráthach leis féin ar an lá mórtábhachtach san do b'fhonn leis bualadh leis an stróinséir seo féachaint cad chuige a bhí sé. Agus cad a bhí ach gur phéintéir ab ea é. Fa'Ali al Omani ab ainm do agus rollta suas i dtiachóigín faoin jeileaba aige bhí cairteacha agus teistiméireachtaí agus litreacha aitheantais agus adhmholta aige ó shíceanna agus ríthe, ó éimírí agus rídhámhnaí agus ruireacha don uile shaghas agus, le scéal gearr a dhéanamh do ghearrscéal, theastaigh uaidh fallaí istigh an pháláis a mhaisiú lena ealaín nótaíle ar pé comaoin do b'oiriúnach leis an Sabhdán a thabhairt do mar aon le lón agus lóistín fad a thógfadh sé an saothar a dhéanamh. Ón uair gur ghné ab ea í sin don gcúram gur deineadh dearúd glan di, agus faillí iomlán inti dá réir, go dtí sin agus ón uair gur tháinig Fa'Ali al Omani chomh tráthúil sin i láthair an tSabhdáin, thoiligh a Uaisleacht leis an iarraidh láithreach, agus chomh luath is a aontaíodh téarmaí agus coinníollacha conartha eatarthu, chrom an péintéir ar liosta a chur i dtoll a chéile do na comhábhair dhatha agus do na riachtanaisí eile, idir mhion is mhór, go mbeadh gá aige leo chun "barr maisíochta agus bailchríoch bhallachreathach", mar a dúirt sé féin, a chur ar phálás nua an tSabhdáin Musha'ha ibn al Farouk a hAon, agus, an mhaidin dár gcionn, tráth a bhí teachtairí agus eachlaigh na cúirte díreach ag cur chun bóthair sna seacht dtreonna bealaigh seachtód ag triall ar airní chomh dubh le hólóg dhubh i bpoll francaigh dhuibh i dtóin mianaigh guail oíche dhuibhré ó Chlearnaí agus ar chróch ó Inis Dí Omáin, faoi chomhair an bhuí chirt, is ar fhuil gheaca ó Cheann na Tuirce, chun dearg ar dheirge cró ar bhindealán a chruthú, agus ar mhálaí plúiríní sneachta ó Chíl Dá Ara, faoi

choinne báin ar fhinne-ghile bainne ag sní ó shine béir bháin ag an mol sneachtúil thuaidh lá seaca, agus ar na comhábhair shainiúla uilig eile péinte a theastaigh, bhí an péintéir féin istigh i halla mór an pháláis ag tomhas na bhfallaí ó bhun barr agus ag sceitseáil is ag breathnú mar a ghluais gathanna na gréine timpeall an tseomra is mar a leathadar scáileanna ar phointí éagsúla ar na fallaí de réir mar a thugadar cuairt na cúirte móire. Agus in imeacht trí mhí, seacht seachtaine agus dhá lá do dhathaigh agus do mhaisigh Fa'Ali al Omanni fallaí agus síleálacha, ursaineacha agus comhlaí dorais agus túir agus urláir phálás an tSabhdáin le cruthanna geoiméadracha agus le línte siméadracha agus cuair chlasaiceacha agus bíseanna ilfhillteacha agus dathanna uile an bhogha ceatha agus a thuilleadh nach iad sa tslí dhuit go mba gheal leis an tsúil gach dromchla agus ciumhais ar a luíodh sí laistigh don áras sabhdánach.

Bhí go maith is ní raibh go holc in aon chor go dtí gur leath cáil fhallaí maisithe an pháláis i gcéin is i gcóngar agus gur thosnaigh daoine ag teacht ag féachaint is ag breathnú dóibh féin ar na hiontaisí ealaíonta seo agus ar an bhfalla ar an gceann istigh don halla mór, taobh thiar do ríchathaoir an tSabhdáin, go háirithe, nuair a bhíodh agallamh aige á chur ar uaisle agus ar bhoic mhóra áitiúla agus ó thar teorainn isteach.

Anois, bhí bean amháin do mhnáibh an tSabhdáin, an bhean chéile do b'óige aige agus an bhean ba dhéanaí a phós sé, agus bhíothars chomh maíteach san as áille an fhalla san agus bhítí á mholadh an méid sin agus dá rá gurbh é pearla na dúthaí go léir é le scéimh, nár thaitin sé leis an mbean seo in aon chor. Bhí sí ar an mbean do b'áille dá raibh ag an Sabhdán, agus sarar maisíodh pálás an tSabhdáin agus sarar phéinteáil Fa'Ali al Omanni fallaí an halla mhóir, ach go háirithe, bhí sé tugtha suas dí gurbh ise pearla na dúthaí go léir maidir le háilleacht do. Lión sí d'éad leis an bhfalla agus leis an bpéintéir Fa'Ali al Omanni, a bhí ag fáil an oiread san molta agus buíochais ón Sabhdán agus ó mhuintir an pháláis trí chéile gur shocraigh sé fanacht thart tamall.

Agus chuaigh an t-éad san a bhí ar an mbean seo leis an bhfalla álainn agus leis an té a mhaisigh é in ainseal chomh mór san uirthi agus ghlac sé seilbh chomh tiarnúil sin ar a meon — a bhí soilbhír suairc roimhe sin, ní foláir, ón uair gur ghlac an Sabhdán léi mar chéile leapan agus cumhal súsa — ná sásódh aon ní ón dtráth san amach í nó go gcífadh sí an falla agus an té a phéinteáil é araon arna scriosadh as radharc agus as cuimhne agus as annála go léir na sabhdánachta go Dé na nDéar. Níor chaoil léi ceol ná níor mhilis léi mil agus ba shearbh léi seirbit as san amach nó gur bheartaigh is gur chinn sí ar scéim a thabharfadh i gcrích, dar léi, mian a croí agus a d'fhágfadh í féin mar aon phéarla ar áilleacht na sabhdánachta uilig feasta. Níorbh fhada, cé gurbh fhada léi sin é, go bhfuair sí deis ar an bplean a chur i ngníomh. Lá dos na laethanta go raibh an Sabhdán ag síúl leis féin sa ghairdín pléisiúir le hais leis an bpálás, ag glacadh sosa do féin óna chúraimí oifigiúla agus ag



déanamh a smaointe, fuair sí failt ar theacht suas leis ina haonar agus chromadar ar a bheith ag caint le chéile go neafaiseach, mar a dhéanfadh aon fhearchéile agus banchéile, i dtaobh áilleacht an ghairdín agus an tsonais a chuir an suíomh orthu ar a leithéid do lá chomh breá leis agus, mar scéal thairis mar dhia, tharraing sí anuas an falla maisithe sa halla mór.

"An bhfeadraís, a fhir mo chroí," a dúirt sí, "ós ag trácht ar áilleacht na háite seo dúinn, táimse chomh tógtha céanna is atá gach éinne eile leis an maisiú breá a dhein Fa'Ali al Omani ar an bpálás nua againn agus ar an bhfalla ag ceann an halla mhóir, go háirithe, agus, go deimhin féin, is iomaí sin seal anois caite agam ag

féachaint ar an bhfalla áirithe sin, go háirithe, ar mo shuaimhneas, ó bhogamar isteach anseo agus mé ag déanamh iontas do mar mhaisíocht agus dá chasta crosta atá sé mar shaothar ealaíne, agus, anois, tá 'fhios agam nár cuireadh oiliúint ormsa i ndiamhra na healaíne, agus, chomh maith leis sin, nár cheart domsa mar bhean a mheas, ach an oiread, go mbeadh aon tuiscint agam ó nádúr ar na cúrsaí seo ach chomh beag, ach, is chuige seo atáim, 'sé rud ná tuigimse agus go mbím ag déanamh iontas do, chomh maith, ná canathaobh gur chuir sé na súile sin, gur dealraitheach le súile tíogair iad, isteach sa ghréasán álainn sin?"

Bhí an lasair sa bharrach, an breac sa bhainne agus na miasa is an phraiseach ar a bhfuaid i gceart ansan agus an t-amhras úd caite ar an sméar mhullaigh sin ealaíne na tíre ar an tslí sin, dá bhrí duit nár thuig an Sabhdán uasal ar dtúis cad é ba cheart do a dhéanamh. Má bhí an ceart ag an mbean seo aige agus má bhí súile tíogair léirithe i ngréasán na péintéireachta – trí thuaiplis fiú amháin, dhealródh sé, ón uair nár thug sé féin faoi ndeara iad – má bhí súile tíogair ag féachaint amach as measc na línte agus na gcuar agus na ndathanna imeartasacha ar an bhfalla san mar a d'fhéachfadh súile tíogair amach ar an machaire leathan as measc na dtor agus an duilliúir agus an mhionfhásra go léir ar iomall na dufaire mar a raibh an tíogar i bhfolach ag feitheamh ar a sheans chun léimt amach ar an antalóp nó ar an anam bocht daonna féin a ghabhadh thar bráid go neamhairdeallach, má ba mar sin a bhí, do b'ionann san agus diamhasla a

bheith déanta agus a bheith fós á dhéanamh go laethúil taobh thiar dá dhroim os comhair an tsaoil sa halla mór. N'fheadair sé cad ba chóra do a dhéanamh, má bhí an ceart aici.

B'é an rud a dhein sé, a ghuailne a chroitheadh go neamhchúiseach amhail is go mba cheist neamhthábhachtach í ceist na mná agus scéal éigin eile a tharrac anuas. Lá arna mháireach go moch, áfach, chuaigh sé 'dtí an halla mór le go ndéanfadh sé iniúchadh géar ar an bhfalla le solas geal na hadhmhaidine, ach dá mhéad dár fhéach is dár amharc sé ar an bhfalla is dár iniúch sé é ba ea ba mhó dá mhearathal a tháinig air sa tslí ar deireadh gur tháinig meirfean ceart air.

Chaith an Sabhdán trí lá agus trí oíche ar an gcuma san agus é buan ar buairt is suaite go leor mar nár fheadair sé cad é a bhí aige le déanamh nó go ndúirt sé leis féin ar deireadh nárbh fhearr do rud a dhéanfadh sé ná a thoil a chur le toil Dé Bhí. Bheartaigh agus chinn an Sabhdán buartha, mar sin, an scéal a chur faoi bhráid shaoithe, fhealsúna is bhreithiúna na sabhdánachta le go ndéanfaidís siúd é a chíoradh agus a mheas agus a bhreithniú mar chás. Gairmeadh i bhfochair a chéile iad, más ea, agus nuair a mhínigh an Sabhdán dóibh i bpríobháid agallseomra istigh, glan ó chluasa mion is mór araon, cad é mar chruaphráinn a bhí ag cur air, chuadarsan i ndáil chomhairle is ina n-aonchorp fiosraithe lena chéile ar an gceist. D'iniúchadar ar feadh lae, i dtús báire, an falla mór dathshuaitheanta gréasluachmhar ag ceann an halla mhóir ó i bhfoisceacht dhá orlach do agus ó thóin an halla thíos ar fad, ó thaobh na láimhe deise don halla is ó chliathán clé an halla mar an gcéanna, faoi sholas geal órga na maidine mórga agus faoi sholas meatach dhéanaí an tráthnóna, sarar chruinníodar ar deireadh i seomra comhdhála agus comhthionóil ar leith ó dhaoine chun go raghaidís i mbun a bhfiosruithe agus i gceanna a mbreithiúnais. Bhíodar mar sin go ceann i bhfad, istigh sa tseomra ag agall agus ag imagall a chéile agus an uile ghné riabhach don scéal, idir na gnéithe tábhachtacha agus na gnéithe ábhartha, agus gnéithe eile fós ná raibh an tromchúis chéanna ag roinnt leo, taobh amuigh dá gciallachas dá gcaiceann féin, á gcur trí chéile agus á mbaint as a chéile arís acu, agus ó thráth go chéile chuiridís scéala amach ag lorg a thuilleadh faisnéise ar an bponc seo nó ar an bponc siúd nó díreach ag iarraidh béile nó deochanna agus ar deireadh ag éileamh go gcuirfí an péintéir féin agus ina dhiaidh sin bean an tSabhdáin isteach chucu chun go ndéanfaidís iad a cheistiú agus a chroscheistiú agus a thrascheistneamh agus ar an tslí sin, de réir a chéile, leath an scéal i measc uaisle agus ísle — cé nár ghá gur san ord san go díreach a tharla — go raibh dianchás trom dá phlé ag an ndáil chomhairle seo do shaoithe is d'fhealsúna is do bhreithiúna na sabhdánachta. Agus, chomh maith leis sin, diaidh ar ndiaidh, tuigeadh do mhaithibh na tíre is don gcoitiantacht araon, gur bhain an scéal leis an bhfalla breá ornáidmhisithe sa halla mór, go háirithe, cé go rabhadar go léir dall cuid mhaith fós ar cad é go díreach a bhí faoi chaibidil.

Níor mhar sin, áfach, don ndáil chomhairle saoithe, fealsúna agus breithiúna ina ndianphlé mín grinn dóibh. Thuigeadarsan go maith cad é mar sháinn phráinneach ghéar ina rabhadar féin. Sa chomhshuí saoitíúil acu, d'fhéachadar, ar feadh triocha lá agus triocha oíche, leis an dtríú suí sa bhuaile a aimsiú dóibh féin chun ná titfidís idir stól an phéintéara Fa'Ali al Omani agus stól na mná céile do b'áille agus do b'óige do chuid an tSabhdáin Musha'ha ibn al Farouk a hAon. Ar thaobh amháin don scéal, ní fhéadfaidís an péintéir a roghnaigh an Sabhdán, agus dár thug an oiread san rítheaghlach agus uaisle sna tíortha máguaird barántais adhmholta agus dintiúirí creidiúna, a dhamnú ó bhonn, go háirithint ón uair nár éirigh le héinne acu aon rian cinnte do shúile tíogair ná aon neach shaolta nó neamhshaolta eile a thabhairt faoi ndeara nó chun cruinnis sna gréasáin ar an bhfalla ag ceann an halla mhóir, agus, ar an dtaobh eile don scéal, níor mhaith leo amhras a chaitheamh ar dhear-rún bhean an tSabhdáin agus ar an gcuma san ar chaolchúis an tSabhdáin féin timpeall ar mhnáibh oiriúnacha a thoghadh do féin, go háirithint ón uair ná féadfaidís a bheith deimhin do ná raibh, faoi chúinsí éigin solais, súile tíogair, nó ar a laghad ar bith súile neach shaolta nó neamhshaolta éigin, le feiscint nó le déanamh amach sna gréasáin ar an bhfalla ag ceann an halla mhóir.

Shocraíodar, ar deireadh, dul i muinín an phlámáis is an bhéil bháin. Mholadar an Sabhdán go crannaibh neimhe á rá dóibh gur fhlaith é gur dhual do a bheith saorbhreathach, óg-oilte mar a bhí sé i gcúrsaí diamhra an dlí, agus gur chúí agus gur chóir, dá bhrí sin, gur aige féin a bheadh tús na breithe sa chás seo agus ina theannta san gur mhór an onóir go deo ab ea é dóibh an deis sin a bheith acu pé cúnamh beag a bhí ar a gcumas a thabhairt agus, ar an ábhar san, thairis an méid sin roimhe seo agus ina theannta, d'iarradar cead a mholadh, chomh maith, go ndéanfaí, ar eagla na heagla, an falla úd ag ceann an halla mhóir a phéinteáil bán.

Ghlac an Sabhdán lena gcomhairle maidir leis an bhfalla a phéinteáil bán agus níor luaithe sin déanta agus an phéint triomaithe ar an bhfalla nua-aolta ná gur shuigh Musha'ha ibn al Farouk a hAon ina ríchathaoir os comhair an fhalla agus gur thug sé a bhreith ar an mbeirt d'aon anáil amháin mar gur tuigeadh do anois ar deireadh thiar thall gur tús flaitiúnais dlús breithiúnais agus do b'é breith a thug sé agus na focail díreach a labhair sé: "Muise heá," a dúirt sé, "ar an láimh iarsma a ngníonn sí; ar an tsúil iarsma a gcíonn sí."

Agus tuigeadh don bpobal as an méid sin gur pheacaíodar beirt, an péintéir trína chur faoi ndeara cosúlacht neach bheo a bheith le feiscint sa dathadóireacht aige, agus an bhean trína thabhairt faoi ndeara cosúlacht neach bheo a bheith le feiscint sa dathadóireacht ag an bpéintéir tríd an ngrinndearcadh a dhein sí ar an bhfalla agus, dá bhrí sin, gur chóir an bheirt acu a dhícheannadh láithreach, rud a deineadh ar an dtoirt sa halla mór os comhair an fhalla bháin.

Scéal Scéalaí

Caibidil a hAon

Ina dtugann “ár laoch”, Nis Óir, aghaidh ar an saol agus ina gcastar é féin agus “an namhaid”, Cam an Airgid, ar a chéile don gcéad uair. Ní léir dár laoch fós, áfach, cé hé an namhaid, ná gurb iomaí sin cuma gur féidir leis an namhaid a chur air fhéin nó uirthi fhéin.

An Bóthar Díreach

Nuair a stopas ar an mbóthar le barr mearathail, bhí alltacht ar gach éinne nár leanas orm go dtí n’fheadar éinne cén áit, sin nó nár chasas ar ais — mise, a dhúisigh ag an gcrosbhóthar agus nár fheadraíos cad as a dtána.

Fernando Pessoa, *Livro do Desassossego*

Is cosúil go bhfuil an bóthar atá romham anois, is é sin an bóthar atá le gabháil agam, an dtuigeann tú, is cosúil go bhfuil sé díreach. Bhí sé lán castaíocha go dtí seo, más buan mo chuimhne. Díreach atá sé anois, áfach, chomh fada agus is féidir liom a dhéanamh amach. Is é sin, tá sé díreach ar feadh raon mo radhairc, ach níl mo shúile, nó an cumas atá iontu aon ní atá i bhfad uaim a thabhairt chun grinnis, níl sé chomh maith sin a thuilleadh, má bhí sé chomh maith sin riamh. I bhfocal amháin, níl mo shúile thar mholadh beirte anois, má bhí aon bheirt riamh ann a bhí sásta iad a mholadh. Ach is cuma sin go léir, i ndáiríre, mar ní bóthar coincreiteach é an bóthar díreach seo atá romham, pé scéal é, an dtuigeann tú? Ní bóthar coincreíte ach an oiread é ná ní bóthar don dtarra féin é. Is

bóthar samhailteach é, an dtuigeann tú? D'fhéadfainn, chomh maith céanna, conair, nó cosán fiú, a thabhairt air. Agus in áit a rá go raibh sé lán castaíocha go dtí seo, d'fhéadfainn a thabhairt le fios, chomh maith céanna, abair, go raibh sé lán driseacha, driseacha cosáin, más maith leat, a tháinig idir mise agus an dul chun cinn a bhíos ceaptha a dhéanamh. Má bhíos ceaptha aon dul chun cinn a dhéanamh, rud go bhfuilim in amhras faoi. D'fhéadfainn, d'fhonn leanúint liom ar an dtéad sin, ansin, a rá go raibh an chuma ar an gcuid sin don gcosán a bhí romham amach agus go bhféadfainn aon bhreith a thabhairt uirthi ar feadh chumas mo shúl, go raibh an chuma uirthi nach raibh aon chuid don ndriseachas a bhí ag roinnt leis an gcosán go dtí seo ag baint léi. Agus, cé gur fíor é nach bhfuil mo shúile thar mholadh aon bheirte a bheadh sásta iad a mholadh, ní gá dom iad a tharrac isteach sa scéal in aon chor mar shúile laga. D'fhéadfainn a thabhairt le fios go bhfuil mar a bheadh ceo ann os mo chomhair amach agus go gceileann sé sin an radharc ar an gcuid eile don gcosán orm ach amháin ar feadh achair naoi méadar déag abair nó fiche cúig slat nó pé rud is mian leat. Ach is cuma i ndáiríre. Ní cuma, áfach, i ndáiríre nó ní cuma faoin ndáiríreacht b'fhéarr a rá. Táim lándáiríre. Is bua é sin, áfach, a bhaineann leis an tsamhlaíocht. Is féidir liom bóthar nó cosán a thabhairt ar an mbealach seo atá romham agus is féidir liom castaíocha nó driseacha a thabhairt ar na bacainní a bhí romham go dtí seo. Is é an easpa beachtais sin a fhágann go bhfuil an tsamhlaíocht i bhfad níos cruinne ná an fhírinne ar an tslí sin. Pé scéal é, tá an bóthar seo atá romham díreach, chomh fada agus is féidir liom a dhéanamh amach. Maidir leis an méid sin don mbóthar atá siúlta cheana féin agam, is cuma faoi sin. Abraimis díreach nach raibh sé chomh díreach sin in aon chor. Ach an chuimhne dhéanach atá agam ar an aistear seo atá á dhéanamh agam, baineann sé le heachtra bheag a thit amach ní fadó ó shin ar cheann do na castaíocha sin go rabhas ag trácht orthu. Is mar sin a tharlaíonn ar an mbóthar seo, an dtuigeann tú? Bíonn tú cinnte do ag aon phointe ar leith ar an aistear go bhfuil tamall díreach don mbóthar bainte amach agat agus go dtuigeann tú cá bhfuil do thriall, ar feadh tamaill ach go háirithint, nuair is seo chugat do ruthag buile casadh eile nach raibh tugtha faoi ndeara agat ar chuma éigin. Nó éiríonn dris eile chugat sa bhealach más ag cuimhneamh ar chosán atá tú go fóill, ach is dócha gur fearr dom cloí leis an mbóthar mar shamhail agus gan dhá leath a dhéanamh do dhícheall mo chuid samhlaíochta ag an bpointe seo ach go háirithint. Pé scéal é, is mar sin atá ar an mbealach seo atá á ghabháil agam. Agus an chuimhne dhéanach atá agam ar an aistear seo go dtí seo, sarar bhaineas an tamall díreach seo don mbóthar atá romham anois amach, agus táim cinnte do nach bhfuil aon chasadh romham ar an mbóthar chomh fada agus is féidir liom a fheiscint ach go háirithint, an chuimhne dhéanach sin, baineann sí le heachtra bheag a tharla nuair a bhíos cinnte do go raibh tamall díreach don mbóthar bainte amach agam ach gur shroicheas an casadh áirithe seo gan choinne sa tslí is

nach raibh radharc glan agam ar an mbóthar agus sa tslí nár thuigeas cad a bheadh romham amach nuair a chuirfinn an casadh díom. Tá mo cheann fós lán don gcasadh sin, an dtuigeann tú, de bharr an mhéid a tharla ann, an dtuigeann tú, agus b'fhéidir gurbh in an taobh nach cuimhin liom mórán faoi aon ní a thit amach roimis sin. Bhíos ag bogadh liom ar mo bhogstróc nuair a bhaineas an casadh seo amach. Is é rud a tharla ansin ná gur casadh beirt fhear orm. Ní beirt fhear a bhí iontu i ndáiríre, sa mhéid is gur chorpán a bhí i nduine amháin acu. Ach ón uair gur chorpán fir a bhí ann is dócha gur fearr dom a rá gur casadh beirt fhear orm. Sin é go díreach anois an sórt ruda a bhaineann do dhuine ar an mbealach seo. Bíonn sé ag bogadh leis ar a bhogstróc féin ag féachaint roimis chomh maith agus atá ar a chumas agus é lándeimhneach cinnte do gur ar bhóthar díreach atá sé agus go bhfuil an bóthar sin ina bhóthar samhailteach, nuair a tharlaíonn casadh sa bhóthar agus go gcastar beirt fhear air nó fear amháin agus corpán amháin, más mian leat, agus ní daoine samhailteacha atá iontu sin in aon chor. Casadh an bheirt fhear seo ormsa, pé scéal é, nó an fear agus an corpán seo, ag an gcasadh áirithe seo ar an mbóthar go bhfuil mo cheann fós lán do. Agus ní fear samhailteach agus corpán samhailteach a bhí iontu in aon chor ach fear agus corpán fíor. Bhí an corpán sínte ar fhleasc a dhroma le hais an bhóthair díreach ar an gcasadh. Sagart a bhí sa bhfear agus bhí culaith éadaigh dhubh air dá réir sin. Agus bhí aithne agam air agus tá aithne agam fós air is dócha gur cheart dom a rá, an tAthair Maidhc. Bhí leithead cnafáis ina lámha aige agus é á leathadh go cáiréiseach aige anuas ar an gcorpán. Scar sé an cnafás amach go réidh pointeálta os cionn an chorpáin i dtreo is gur chlédaigh sé ar fad é ó bharr a chinn síos go dtí caol na gcos thíos air. Bhí a dhá thriog, go raibh bróga snasta dubha orthu, ag gobadh amach as íochtar an leithid cnafáis. Bhí an sagart ag gearradh chomhartha na croise air féin go hómósach agus mise ag dul thar bráid. Thóg an corpán a lámh agus d'fhill sé siar an píosa cnafáis óna éadan agus d'ardaigh sé é féin suas ar a dhá uillinn d'fhonn féachaint orm agus mé ag dul thar bráid. "Tá mé réidh," a dúirt sé liom as Béarla. "Tá do phort seinnte, is dócha," arsa mise leis ag iarraidh a bheith lách leis. Chuir sé ionadh orm gur labhair an corpán Béarla liom. Níor chuir sé ionadh orm gur labhair corpán liom, an dtuigeann tú, mar cé gur chorpán a bhí ann go fíor, caitheann tú cuimhneamh i gcónaí gur chorpán fíor a bhí ar bhóthar samhailteach a bhí ann, leis. Ach ón uair gurbh é m'athair é chuir sé ionadh orm gur labhair sé Béarla liom. Níor ghnách leis riamh Béarla a labhairt liom ar ócáidí tábhachtacha i mo shaol agus tuigeadh dom gur chaith sé gur ócáid thábhachtach í seo i mo shaol féin agus ina neamhsaol siúd sa mhéid is gur ag casadh ar an mbóthar a bhí sí ag titim amach. Bhí cuimhne agam an uair sin, an dtuigeann tú, ar nithe a tharla roimis sin ar an mbóthar agus ar eachtraí a bhain dom agus de réir mar a d'fhéadfainn a dhéanamh amach ón dtaithí bheag a bhí agam ar chúrsaí an bhealaigh mhóir, nó cúrsaí an bhóthair más maith leat, tharla an

chuid is mó do na nithe móra, do na hócáidí tábhachtacha, abair, ag castaíocha ar chuma éigin. Níl aon chuimhne anois agam ar nithe a tharla dom roimis an gcasadh déanach úd a bhí ar an mbóthar, an casadh sin go bhfuil mo cheann fós lán do, ach anois ó chuimhním ar an ní a tharla ar an gcasadh sin is cuimhin liom an méid sin. Is cuimhin liom gur chuimhin liom gur tharla pé rudaí a tharla ag castaíocha ar an mbóthar don gcuid ba mhó, ar chuma éigin. “Tá do phort seinnte, is dócha,” arsa mise leis, pé scéal é, as Gaeilge, ag iarraidh a bheith lách leis. Dúradh liom i gcónaí agus mé óg Gaeilge a labhairt thar n-ais le haon duine a labhródh Gaeilge liom. Is cuimhin liom an méid sin cé nach dócha gur dúradh liom riamh é ag casadh ar an mbóthar. Tá nithe áirithe ann, mar sin, go bhfuil cuimhne agam fós orthu, anois ó chuimhním air. Ach n’fheadar an féidir a rá go cruinn go bhfuil cuimhne agam orthu, i ndáiríre. Níl aon chuimhne agam, an dtuigeann tú, ar aon ócáid ar leith gur dúradh liom Gaeilge a labhairt le haon duine a labhródh Gaeilge liom, ach is cuimhin liom gur dúradh liom i gcónaí nuair a bhíos óg Gaeilge a labhairt le haon duine a labhródh Gaeilge liom. Ní hann go rabhtas á rá sin de shíor liom ach an oiread, an dtuigeann tú, ach caitheann sé gur dúradh minic a dhóthain liom é chun go mbeadh cuimhne agam air. Ach pé ní ina thaobh sin ní cuimhin liom gur dúradh riamh liom Béarla a labhairt le haon duine a labhródh Béarla liom. Dá bhrí sin níor labhraíos Béarla thar n-ais le corpán m’athar nuair a labhair sé Béarla liom. Chomh maith leis sin, is de bhrí gur dheineas amach gur chaith sé gur ócáid thábhachtach í seo a bhí ag titim amach i mo shaol féin agus, is dócha, dá bhrí sin, i neamhsaol m’athar, a labhraíos Gaeilge leis. “Tá do phort seinnte, is dócha,” a dúrt, mar sin, as Gaeilge agus mé ag iarraidh a bheith lách leis. Bhí an chuma ar chlár éadain m’athar go raibh sé á phrapáil féin le rud éigin tromchúiseach a rá ach go raibh ag teip air na focail chearta a aimsiú. Ní hamhlaidh, an dtuigeann tú, go raibh an chuma sin ar a aghaidh i ndáiríre, mar is deacair d’aghaidh corpáin aon ghothaí nádúrtha a chur uirthi féin agus chomh leamh is a bhíonn na matáin bheaga inti. Ach, dar liom, bhí beocht éigin fanta sna súile aige i gcónaí agus thuigeas an méid a thuigeas as na súile sin. Nuair a chaillfear mise is dócha gurb iad na súile agam an chéad rud a loicfidh. Tá mé óg go leor fós agus mé lúfar aiclí mo dhóthain le cuid mhaith eile don mbóthar seo a ghabháil, is dócha, má fhaighim an saol chuige, ach tá mo shúile ag éag cheana féin. Bhí an tAthair Maidhc leath slí trí dheichniúr don bpaidrín páirteach chomh fada is a d’fhéadfaínn a dhéanamh amach agus gan aon duine páirteach ann ach é féin agus é meáite, ba chosúil, ar dheis a thabhairt dúinne dreas beag comhrá a bheith againn lena chéile gan aon chur isteach uaidh féin sara gcuirfeadh sé an leithead cnafáis thar n-ais thar éadan m’athar don uair dheireanach. Ach b’ait liom, mar a dúrt, gur labhair m’athair, nó corpán m’athar is dócha gur chirt dom a rá, Béarla liom. Ach an chéad rud eile chaith sé lán béil do Ghearmáinis chugam. Níor thuigeas gach a ndúirt sé, mar tá meirg ar mo

chuid Gearmáinise féin. Bhí tráth ann gur fhoghlaim m'athair Gearmáinis agus nuair a bhíos féin ag gabháil dí ar scoil bhíodh sé ag brú Gearmáinis orm in ainm an diabhaíl ar mhaithe le cleachtadh a thabhairt don mbeirt againn sa teanga sin ach is cosúil gur dhein na cleachtaí sin níos mó maitheasa do siúd ná mar a dheineadar domhsa riamh mar bhí sé ag raideadh focal chugam chomh tiubh sin nach bhféadfainn breith ach ar a leath nó an tríú cuid b'fhéidir don méid acu a bhí ag dul thar mo chluasa. “. . . bei Todesfall . . . verstehst du . . . durch . . . Zimmertodestor . . . wirdt . . . erste Sprache . . . zuerst . . . und so weiter . . . verstehst du . . . lernst . . . die ewige Sprache,” a dúirt sé, chomh maith le mórán eile nach bhféadfainn bun barr ná slios féin a dhéanamh do. Ach ón méid do a thuigeas, más féidir tuiscint a thabhairt air, bhí tuairim agam go raibh sé ag iarraidh a chur in iúl dom go dtéann an té a chailtear trí Gheata Cláir an Bháis, tar éis bháis, agus go gcailleann sé na teangacha a bhí aige ar an saol seo ceann i ndiaidh a chéile, an teanga dhúchais i dtosach agus mar sin do agus go bhfoghlaímíonn sé an teanga shíoraí ina dhiaidh sin. Sin an rud a mheasas a bhí sé ag iarraidh a rá, is má tá brí leis bíodh. Caitheann sé gur ghabh sé tríd an ngeata cláir úd tamall maith sara dtánag air mar bhí an Ghaeilge tar éis é a thréigint ar fad, is cosúil, agus bhí an Béarla ar thob imeachta, leis, nuair a labhair sé i dtosach liom. Bhíos féin ag iarraidh cúpla ainmfhocal agus cúpla briathar Gearmáinise a chur as tónacha a chéile ar mhodh maisiúil rianúil éigin le slán a dh'fhágaint aige nuair a dh'oscail sé a bhéal uair eile arís agus scaoil sé chugam sruth eile d'fhoghair aistreánacha. “In déar súcunft déas maineas, bhíost dú,” a dúirt sé, “gípt éar file bígiongan deas meain mus rum cumann.” Bhí sé chomh maith aige gléaradh gibrisce a ghliogáil chugam mar lón machnaimh is a bhí sé an rabhdalam reaindí reaitleálta sin do shiollaí sochta a shleaseáil tharam, mar bhí an chuma ar an tslí go ndúirt sé gach focal don aitheasc aibhsiúil sin go raibh an teanga shíoraí ag fáil an lámh in uachtar ar pé méid don nGearmáinis a dh'fhan aige ó na laethanta úd fadó go mbímis ag cleachtadh le chéile. Ach, ar a shon sin bhíog m'aire nuair a chuala an focal sin “*Biegungen*” mar a shíleas. “Castaíocha, *Biegungen*,” arsa mise, “. . . go leor castaíocha roimh dhuine ina shaol nach foláir do a chur do . . .” “*Gerade!*” arsa é siúd do phuth tréan anála. “Sin díreach, díreach,” arsa mise liom féin. Dhein an corp saghas únfairt inmheánach a chur do leis an straidhn a bhí á cur ag an gcomhrá seo air ach shocraigh sé é féin ar a uillinneacha arís agus dhein sé tréaniarracht focail ghlanGhearmáinise a thabhairt amach. “*Die Gerade ist nicht gerade*,” a dúirt sé. “An rud atá díreach, níl sé díreach?” adúrta. “Cad a chiallaíonn sé sin in ainm Phríosta?” Las loinnir neamhbhóthruíl ar a cheannaithe agus dúirt sé do ghlór brónach, “Hólam maigire guafa.” B'in an teanga shíoraí á labhairt aige liom anois a mheasas agus is féidir liom buille faoi thuairim a thabhairt gur rud éigin mar “Táim ceaptha go hiomlán ag an mbás” a bhí á rá aige. Thit sé siar ar chlár a dhroma an athuair agus thug an tAthair Maidhc léim as a chorp beagnach le teacht idir mé agus

corpán m'athar agus an cnafás a scaradh i gceart thar a éadan arís. Ach ba chuma faoin am sin mar bhíos féin tosnaithe ar bhogadh ar aghaidh ar mo bhealach féin arís i ngan fhios dom féin geall leis. Bhí an casadh á chur díom agam go réidh agus dh'imigh an bheirt acu as amharc orm go gairid ina dhiaidh sin. B'in é m'athair. An fear a thug ann mé. Cad é an leasainm a bhíodh air, Seana-rud éigin, Seanchán nó Seanchaí nó a leithéid.

Pé scéal é, is díreach atá an bóthar atá romham anois is cosúil. Bhí a lán castaíocha ann go dtí seo, chomh fada agus is cuimhin liom, ach ní féidir liom brath ar mo chuimhne chomh mór sin a thuilleadh, mar tá a fhios agam go bhfuil mórán rudaí ann nach cuimhin liom aon rud in aon chor ina dtaobh. Tá a fhios agam go raibh castaíocha ar an mbóthar roimis seo, ach chomh fada agus is gur féidir liom a dhéanamh amach anois níl aon chastaíocha romham ar an mbóthar. Dar ndóigh níl mo shúile chomh maith is a bhídís agus dá bhrí sin ní féidir liom a bheith cinnte nach bhfuil casadh eile ar an mbóthar díreach thar raon mo radhairc. Ach is cuma i ndáiríre faoi sin, an dtuigeann tú, mar ní bóthar coincreíteach é seo ar aon chuma. Ná ní bóthar coincreíte féin é. Is bóthar samhailteach é, an dtuigeann tú? Nó sin é atá déanta amach agam féin ach go háirithint. Ach níl aon chuimhne agam i ndáiríre ar an aistear atá déanta agam go dtí seo. Is cuimhin liom gur ghabhas thar chasadh ansin tamall ó shin, siar beagáinín ar an mbóthar. Sin mar a bhíonn ar an mbóthar seo, an dtuigeann tú? Bíonn an oiread sin castaíocha ann ar uairibh gur deacair cuimhneamh siar orthu tar éis do dhuine iad a chur do ach is cuimhin liom an méid a tharla ag an gcasadh déanach sin go bhfuilim ag trácht air. N'fheadar an ceart dom a rá gur cuimhin liom é, go díreach, ach tá cuimhne éigin agam ar rud a bheith ag titim amach. Tá mo cheann lán don gcasadh déanach sin mar a déarfá, cé nach mór an méid gur cuimhin liom anois faoi i ndáiríre. Casadh fear orm, an dtuigeann tú? Balbhán a bhí ann. Dá bhrí sin ní dhúirt sé aon ní liom. Ach thapaíos an deis mé féin cúpla rud a rá leis siúd. Má tú fút do rún a scaoileadh le duine éigin, an dtuigeann tú, cén duine is fearr lena scaoilfeá do rún ná le balbhán? Ní bheidh ar a chumas siúd tú a dhaoradh as ráiteas do bhéil féin ná le ráiteas a bhéil féin ach an oiread, má thuigeann tú leat mé. Pé scéal é, is cosúil, an dtuigeann tú, go raibh cuimhne éigin agam an uair úd, nó ag an gcasadh déanach sin, más maith leat, ar eachtra shuaitheantasach éigin a bhain dom roimis sin nó ar rud éigin ach go háirithint agus d'insíos don mbalbhán é. Scéal éigint a bhí cloiste agam b'fhéidir, ag an gcasadh roimis sin. Ní cuimhin liom anois, i ndáiríre, ach is cuimhin liom, cinnte, gur chuimhin liom ag an gcasadh déanach sin, rud éigint faoin gcasadh roimis sin. Rud éigint faoi nithe nach raibh díreach . . . á, ní cuimhin liom, ach is cuimhin liom go ndúirt leis an mbalbhán é, pé rud a bhí ann. Bhí an balbhán suite ar thaobh an bhóthair agus é ag stánadh orm feadh an achair go léir go rabhas ag caint leis. Ní ceart dom a rá gur ag stánadh orm a bhí sé, b'fhéidir, ach níl aon tslí eile ar eolas agam le cur síos

a dhéanamh air ach sin. Níor fhan a shúile socair ina chloigeann, an dtuigeann tú, ach níor bhain sé a shúile díom ach an oiread. Is é an rud a bhí ann ná go raibh na súile ag luascadh soir siar go mall ar shlí a bhí chomh hait lena bhfaca riamh. Thosnaidís ag pointe thart ar mo ghualainn dheas agus bhogaidís go mall i dtreo mo ghuaillne clé agus d'fhillidís ar ais de thapaigean chuig an ngualainn dheas an athuair agus thosnaidís ag bogadh ar chlé ansan arís. Níl aon léamh agamsa ar cad ba bhrí leis sin mar gheáitsíocht súl. Ní dhúirt sé faic liom, mar ba bhalbhán go fíor é, an dtuigeann tú, cé gur ar bhóthar samhailteach a bhí sé. Ach lean na súile orthu ag gabháil don luascadh aisteach sin an fhaid a bhíos ag insint do pé rud a bhí á insint agam.

Ach, pé scéal é, b'in an casadh déanach agus is cosúil gur díreach atá an bóthar atá romham anois. Agus sin é, an dtuigeann tú, an bóthar atá le gabháil agam. Ach ní bóthar coincreíteach é, an dtuigeann tú? Is bóthar samhailteach atá ann. Is dócha go bhféadfainn conair nó cosán a thabhairt air, chomh maith céanna. Sin bua a bhaineann leis an tsamhlaíocht, an dtuigeann tú?

[*Leanfar de*]